

Dhá scéal nuachta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar dhá scéal nuachta. Ná féach ar an mír go fóill. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar an dá scéil. Féachaigí ar na pictiúir, ar na teidil agus ar an stór focal chun cuidiú libh.



Tabhair aire! An Luas
foláireamh, eisithe, i
mbaol, coisithe, fón póca

Slán go fóill Chris Henry
éirí as, gortaithe, na
hUltaigh, 24 caipín



Ceist 2

Féachaigí ar an mír anois. An raibh an ceart agaibh? An raibh aon fhocal ann nár thuig sibh?

Obair bheirte

Duine A – Éist go cruinn leis an gcéad scéal faoin Luas agus breac síos an t-eolas ábhartha.

Duine B – Éist go cruinn leis an dara scéal faoi Chris Henry agus breac síos an t-eolas ábhartha.

Léigí amach an t-eolas a bhailigh sibh don duine eile.

Ceist 3

Éist leis an mír arís. Aimsigh foirm na bhfocal seo a bhí le cloisteáil inti:

eisigh: _____
an tseachtain: _____
coisí: _____
fógair: _____
imir: _____
An Astráil: _____

Ceist 4

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí amach liosta de na bealaí ar fad a chuireann gutháin phóca isteach ar shaol agus ar shláinte an duine.

- ✓ *Ní bhíonn daoine ag féachaint cá bhfuil siad ag dul nuair a bhíonn siad ag siúl.*

- ✓ *Cuireann fóin phóca isteach ar na súile.*
- ✓

Ceist 5 '...gortaítear...'

1. Cén briathar saor, aimsir láithreach, atá ag na briathra seo – cuir, dún, aimsigh, ceannaigh?
2. Cuir an réimír 'ní' rompu anois.
3. Scríobh amach gach ceann acu san fhoirm cheisteach.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil córas iompair phoiblí maith againn in Éirinn? Cad chuige?
2. Cén tábhacht a bhaineann le spórt sa tsochaí, dar leat?
3. An gcaitheann daoine barraíocht ama ar a bhfóin phóca, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deich nóiméad nó mar sin do gach beirt plé a dhéanamh ar ábhar na scéalta sula seinntear an mhír.

Ceist 2

Pléigh stór focal na míre leis an rang tar éis na chéad éisteachta:

foláireamh	<i>warning</i>
eisithe	<i>issued</i>
i mbaol	<i>in danger</i>
eachtra	<i>incident</i>
coisithe	<i>pedestrians</i>
i gcontúirt	<i>in danger</i>
láithreach	<i>immediately, presently</i>
na hUltaigh	<i>the Ulster people</i>
líne chúil	<i>back row</i>
cúige	<i>province</i>

Cuir an mhír ar siúl arís don obair bheirte. Iarr ar na foghlaimeoirí an méid a scríobh siad a léamh amach os ard tar éis na gníomhaíochta.

Ceist 3

eisigh:	<i>eisithe</i>
an tseachtain:	<i>(in aghaidh) na seachtaine</i>
coisí:	<i>coisithe</i>
fógair:	<i>fógartha</i>
imir:	<i>ag imirt, d'imir</i>
An Astráil:	<i>(in aghaidh) na hAstráile</i>

Ceist 4

Seo thíos cúpla pointe samplach:

- ✓ *Ní bhíonn daoine ag féachaint cá bhfuil siad ag dul nuair a bhíonn siad ag siúl.*
- ✓ *Cuireann fóin phóca isteach ar na súile.*
- ✓ *Ní léann daoine leabhair níos mó.*
- ✓ *Caitheann daoine níos mó ama lena gcairde ar líne ná mar a chaitheann siad leo sa saol dáiríre.*
- ✓ *Éiríonn daoine róthógtha leis na meáin shóisialta.*
- ✓ *Téann litriú daoine i léig.*

Ceist 5

1. Cuirtear, dúntar, aimsítear, ceannaítear.
2. Ní chuirtear, ní dhúntar, ní aimsítear, ní cheannaítear.
3. An gcuirtear, an ndúntar, an aimsítear, an gceannaítear.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá foláireamh eisithe ag Transdev, an comhlacht atá i mbun an *Luas*, i mBaile Átha Cliath, go mbíonn daoine á gcur féin i mbaol mar nach mbíonn siad ag faire rompu agus iad ag déanamh ar an tseirbhís traenach. Deir Transdev go dtarlaíonn ceithre eachtra in aghaidh na seachtaine ar an meán agus gortaítear coisithe a mbuaileann an *Luas* iad. Daoine a bhíonn ag féachaint síos ar a bhfón póca nuair ba chirte dóibh a bheith ag féachaint rompu, is mó a bhíonn i gcontúirt a deir Transdev.

Anois, tá sé in am do chúrsaí spóirt ar fad an lae le hAodhán.

Aodhán Ó Maoileoin

Go raibh maith agat a Eibhlín, agus tosóimid le cúrsaí rugbaí ar dtús tráthnóna. Tá fógartha ag Chris Henry, atá ag imirt d'Éirinn, go bhfuil sé le héirí¹ as an imirt láithreach de bharr gortaithe². Céad ochtó a ceathair uair a d'imir sé do na hUltaigh sa líne chúil. Sa mí³ Mheán Fómhair a d'imir sé an cluiche deireanach don chúige i gcoinne na *Scarlets*. Fiche a ceathair caipín a bhuaigh sé leis an bhfoireann náisiúnta – an chéad chluiche aige in éineacht leo in 2010 in aghaidh na hAstráile. Tríocha a ceathair bliain d'aois atá Chris Henry.

¹ le n-éirí a dúradh

² gortú a dúradh

³ Córas Chonnacht